



2019/2156(INI)

24.2.2020

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuid an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir le dlús a chur le gníomhaíocht AE chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú
(2019/2156(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Juozas Olekas

(* Coiste comhlachaithe – Rial 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Talmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag cur béim ar an ról tábhachtach a bhíonn ag feirmeoirí i dtáirgeadh bia agus ar an mbealach ina bhfuil sé sin ag brath ar acmhainní nádúrtha mar ithir, uisce agus foraoisí; ag aithint ilfheidhmiúlacht na bhforaoisí;
2. ag tabhairt dá aire go bhfuil ról na talmhaíochta ag leathnú de réir mar a éilíonn daonra domhanda atá ag fás táirgeadh méadaithe bia; á mheas, dá bhrí sin, go gcaithfidh gach gníomh breise aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail cosc a chur le húsáid talún agus le cleachtais bhainistíochta atá neamh-inbhuanaithe, déileáil le suaitheadh nádúrtha agus athrú aeráide a mhaolú;
3. á chur i bhfáth go bhfuil gá le hearraí a fhaightear ar bhonn inbhuanaithe a thomhailt trí chóras lipéadaithe agus deimhniúcháin a thabhairt isteach do tháirgí nach mbíonn dífhoraoisíú mar thoradh orthu a allmhairítear isteach in AE agus gné na heaspa dífhoraoisithe a ionchorprú isteach i gcomhaontuithe trádála AE agus i gcomhaontuithe iltaobhacha eile.
4. ag cur i bhfios go láidir go bhfuil gá le dul chun cinn suntasach breise i bhforbairt agus i gcur chun feidhme straitéis AE um plandaí próitéine agus cosaint láidir ar tháirgeadh plandaí próitéine laistigh de AE.
5. ag spreagadh an Choimisiúin chun a áirithiú go ndéanfar ardán il-gheallsealbhóirí a chuimsíonn na geallsealbhóirí ábhartha go léir a chomhtháthú i gcreat dlíthiúil;
6. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na córais atá ann cheana amhail plean gníomhaíochta FLEGT chun aistriú eolais agus oideachais a chumasú do chomhpháirtithe lasmuigh de AE;
7. den tuairim gur cheart aghaidh a thabhairt ar thiománaithe an dífhoraoisithe i gcreat beartais AE, rud a áiritheoidh comhleanúnachas na mbeartas a bhaineann le foraoisí, an brú ar fhoraoisí a laghdú trí fheirmeoireacht níos nuálaí agus níos éifeachtúla a fhorbairt laistigh de AE agus lasmuigh de, agus cailleanais bia a laghdú ar fud an tslabhra bia trí theicneolaíochtaí nua; á mheas gur cheart aghaidh a thabhairt ar ardéileamh ar bhia trí chúnaimh teicniúil, trí chomhar idir eagraíochtaí talmhaíochta agus trí aistriú eolais;
8. ag cur béim ar a thábhachtaí atá bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí laistigh de AE agus i dtríú tíortha mar thoisic riachtanach chun ioncam úinéirí foraoise agus feirmeoirí a chleachtannagrafhoraoiseacht a áirithiú agus chun teacht aniar foraoisí a fheabhsú.